# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## An Ardteistiméireacht 2011

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

# CUNTASAÍOCHT

## Ardleibhéal

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT CUNTASAÍOCHT 2011

# AISTRIÚCHÁN AR SCÉIM MHARCÁLA ARD LEIBHÉAL

**RÉAMHRÁ**

Tá na réitigh agus an scéim mharcála do Chuntasaíocht Gnáthleibhéal ceangailte leis seo.

Tá na marcanna a leithdháiltear do gach líne/figiúr aibhsithe agus léirithe i lúibíní mar seo. **[**6**]**

Suimítear na marcanna do gach roinn/leathanach agus léirítear i gcearnóg mar seo iad. 40

Bíonn réitigh chuntasaíochta ríomhaireachtúil go príomha agus bíonn formhór na bhfigiúirí comhdhéanta de níos mó ná comhpháirt amháin. Mura bhfuil figiúr mar an gcéanna leis an réiteach, déanann na scrúdaitheoirí anailís ar chomhdhéanamh fhigiúr an iarrthóra agus dáileann siad roinnt marcanna do gach eilimint a bhí I gceart. Chun é seo a éascú, nuair is cuí, taispeántar comhdhéanamh na bhfigiúirí in oibríochtaí atá ceangailte leis an réiteach.

I roinnt ceisteanna Cuntasaíochta is féidir le hiarrthóirí roinnt cuir chuige agus formáidí malartacha a úsáid go bailí (e.g. Is féidir leis an Ráiteas Imréitigh Bainc tosú leis an bhfigiúr ráiteas bainc nó leis an iarmhéid chuntas bainc coigeartaithe). Tá na réitigh a sholáthraítear anseo bunaithe ar na cur chuigía ghlacann formhór múinteoirí/iarrthóirí leo agus níl malairtí san áireamh. I gcásanna ina mbíonn gá le réiteach malartach, soláthraítear é do na scrúdaitheoirí, le gur féidir lán mharcanna a bhaint amach do chóireáil cuntasaíochta atá i gceart.

Uaireanta braitheann an réiteach ar pháirt amháin de cheist ar an bhfreagra a ríomhadh i bpáirt eile den cheist sin. Sa chás go mbíonn ríomh i roinn (a) mícheart, cuirtear é sin san áireamh i ranna a thagann ina dhiaidh sin.

## Ceist 1

**75**

### (a)

**Cuntas Déantúsaíochta Mhic an Iascaire Tta don bhliain dar críoch 31/12/2010** [1]

| | | € | | € | |
|---|---|---|---|---|---|
| Stoc tosaigh amhábhar | | 49,500 | [1] | | |
| Ceannach amhábhar | **W1** | 455,500 | [2] | | |
| Carraeireacht ar amhábhair | | 6,050 | [1] | | |
| | | 511,050 | | | |
| Lúide Stoc deiridh amhábhar | **W2** | 68,000 | [3] | | |
| **Costas na n-amhábhar a úsáideadh** | | | | 443,050 | |
| **Costais dhíreacha** | | | | | |
| Pá díreach monarchan | | 201,450 | [2] | | |
| Fruiliú trealaimh speisialta | | 12,000 | [2] | 213,450 | |
| **Buanchostas** | | | | 656,500 | |
| **Forchostais Mhonarchan** | | | | | |
| Forchostais ghinearálta mhonarchan | | 50,400 | [2] | | |
| Paitinn díscríofa | **W3** | 12,500 | [2] | | |
| Dímheas – Gléasra agus Innealra | **W4** | 45,600 | [3] | | |
| Dímheas – Foirgnimh Mhonarchan | **W5** | 11,000 | [2] | 119,500 | |
| **Costas monarchan** | | | | 776,000 | |
| Obair idir lámha 01/01/2010 | | | | 20,500 | [2] |
| Lúide Obair idir lámha 31/12/2010 | | | | (25,500) | [2] |
| | | | | 771,000 | |
| Lúide Brabús ar dhíol innealra | **W6** | | | (2,800) | [4] |
| Lúide Díol dramhábhair | | | | (6,000) | [2] |
| **Costas na Déantúsaíochta** | | | | 762,200 | |

**Cuntas Trádála, Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar críoch 31/12/2010**

| | | | | € | | € | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Díolacháin | **W7** | | | | | 1,089,250 | [7] |
| Stoc tosaigh na n-earraí críochnaithe | | | | 80,000 | [2] | | |
| Earraí aistrithe ar chostas na déantúsaíochta | | | | 762,200 | [2] | | |
| | | | | 842,200 | | | |
| Lúide Stoc deiridh na n-earraí críochnaithe | **W8** | | | (88,400) | [6] | (753,800) | |
| Ollbhrabús | | | | | | 335,450 | |
| **Lúide Speansais** | | | | | | | |
| **Riarachán** | | | | | | | |
| Speansais Riaracháin | | | | 20,500 | [2] | | |
| **Díol agus Dáileadh** | | | | | | | |
| Speansais díola | **W9** | 108,175 | [6] | | | | |
| Drochfhiach díscríofa | | 450 | [2] | | | | |
| Soláthar in aghaidh drochfhiach | **W10** | 2,370 | [4] | 110,995 | | 131,495 | |
| | | | | | | 203,955 | |
| Lascaine ghlan | **W 11** | | | | | 2,300 | [2] |
| Brabús oibriúcháin | | | | | | 206,255 | |
| Lúide Ús ar Bhintiúr | **W 12** | | | | | (6,525) | [3] |
| **Glanbhrabús roimh cháin** | | | | | | 199,730 | |
| Lúide Cánachas | | | | | | (24,000) | [2] |
| **Brabús tar éis cánach** | | | | | | 175,730 | |
| Lúide Díbhinní íoctha | | | | | | (30,000) | [1] |
| Brabús Coinnithe | | | | | | 145,730 | |
| Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais 01/01/2010 | | | | | | 36,400 | [2] |
| **Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais 31/12/2010** | | | | | | 182,130 | [3] |

**(b)** **45**

**Clár Comhardaithe mar a bhí ag 31/12/2010**

| | Costas | | Dímheas Carntha | | Glanmhéid | | Iomlán | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta Doláimhsithe** | € | | € | | € | | € | |
| Paitinní | | | | | | | 87,500 | [3] |
| | | | | | | | | |
| **Sócmhainní Seasta Inláimhsithe** | | | | | | | | |
| Foirgnimh Mhonarchan | 650,000 | [2] | - | | 650,000 | | | |
| Gléasra agus Innealra **W13, 14** | 216,000 | [2] | 152,800 | [3] | 63,200 | | | |
| | 866,000 | | 152,800 | | 713,200 | | 713,200 | |
| | | | | | | | 800,700 | |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | | | | | |
| Stoc amhábhar | | | 68,000 | [2] | | | | |
| Obair idir lámha | | | 25,500 | [2] | | | | |
| Earraí críochnaithe | | | 88,400 | [2] | 181,900 | | | |
| Féichiúnaithe **W 15** | | | 47,400 | [5] | | | | |
| Lúide soláthar | | | (2,370) | [2] | 45,030 | | | |
| CBL | | | | | 4,200 | [2] | | |
| | | | | | 231,130 | | | |
| **Creidiúnaithe: Suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin** | | | | | | | | |
| Creidiúnaithe **W 16** | | | 60,700 | [4] | | | | |
| Banc | | | 8,600 | [2] | | | | |
| Ús Bintiúir dlite | | | 5,400 | [3] | | | | |
| Cáin dhlite | | | 24,000 | [2] | (98,700) | | | |
| Sócmhainní Reatha Glan | | | | | | | 132,430 | |
| | | | | | | | 933,130 | |
| | | | | | | | | |
| **Maoinithe ag** | | | | | | | | |
| | | | | | | | | |
| **Creidiúnaithe: Suimeanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin** | | | | | | | | |
| Bintiúir 9% | | | | | | | 80,000 | [2] |
| | | | | | | | | |
| **Caipiteal agus Cúlchiste** | | | **Údaraithe** | | **Eisithe** | | | |
| Gnáthscaireanna @ €1 an ceann | | | 400,000 | [1] | 250,000 | [1] | | |
| 4% Scaireanna tosaíochta @ €1 an ceann | | | 300,000 | [1] | 200,000 | [1] | | |
| | | | 700,000 | | 450,000 | | | |
| Cúlchiste Athluachála **W 17** | | | | | 221,000 | [3] | | |
| Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais | | | | | 182,130 | | 853,130 | |
| **Caipiteal in úsáid** | | | | | | | 933,130 | |

**Ceist 1 – Oibriúcháin**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | Ceannacháin | 440,500 + 15,000 | 455,500 |
| 2 | Stoc Deiridh amhábhar | 53,000 + 15,000 | 68,000 |
| 3. | Paitinní | 100,000 ÷ 8 | 12,500 |
| 4 | Dímheas – Gléasra agus Innealra | 43,200 + 2,400<br>24,000 + 21,600 | 45,600 |
| 5 | Dímheas – Foirgnimh Mhonarchan<br>Dímheas Carnach - Foirgnimh Mhonarchan | 2% (€550,000)<br>110,000 + 11,000 – 121,000 | 11,000<br>- |
| 6 | Brabús ar dhíol innealra | 24,000 – 22,800 – 4,000 | 2,800 cr |
| 7 | Díolacháin | 1,100,000 – 6,750 – 4,000 | 1,089,250 |
| 8 | Stoc deiridh na n-earraí críochnaithe | 85,000 - 2,000 + 5,400 | 88,400 |
| 9 | Speansais díola | 108,000 + 175 (300 – 125) | 108,175 |
| 10 | Soláthar in aghaidh drochfhiach | 5% (€47,400) | 2,370 |
| 11 | Lascaine ghlan | 2000 + 300 | 2,300 |
| 12 | Ús Bintiúir | [4,500 + 2,025]<br>[1,000 + 125 + 5,400] | 6,525 |
| 13 | Soláthar in aghaidh Dímheasa – Gléasra agus Innealra | 130,000 + 45,600 – 22,800 | 152,800 |
| 14. | Gléasra agus innealra | 240,000 – 24,000 | 216,000 |
| 15 | Féichiúnaithe | 54,600 - 450 – 6,750 | 47,400 |
| 16 | Creidiúnaithe | 45,700 + 15,000 | 60,700 |
| 17 | Cúlchiste Athluachála | 100,000 +121,000 | 221,000 |

**Pionóis:**

1 mharc in aghaidh na hiontrála laistigh de "Forchostais Mhonarchan" má bhaintear iomlán na bhforchostas ón mbuanchostas. [4 x 1]

1 mharc as an teideal "Speansais díola" a fhágáil ar lár.

**Ceist 2**

**22**

**(a)**

**Cuntas Rialúcháin Féichiúnaithe Coigeartaithe**

| | | € | | | | € | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid t/a | | 32,500 | [1] | Iarmhéid t/a | | 600 | [1] |
| Lascaine nár lamháladh | (i) | 120 | [4] | Ús | (ii) | 20 | [4] |
| Drochfhiach inghnóthaithe | (vi) | 60 | [4] | Aischur Díolachán | (iv) | 30 | [4] |
| Iarmhéid t/s | | 600 | [1] | Díolacháin róluaite | (v) | 90 | [3] |
| | | | | Iarmhéid t/s | | 32,540 | |
| | | 33,280 | | | | 33,280 | |
| Iarmhéid t/a | | 32,540 | | Iarmhéid t/a | | 600 | |

**30**

**(b)**

**Sceideal Iarmhéideanna na gCuntas Féichiúnaithe**

| | | € | € |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid de réir liosta creidiúnaithe | | | 27,639 [3] |
| **Móide** Lascaine nár lamháladh | (i) | 76 [5] | |
| Ús ar chuntas | (ii) | 160 [5] | |
| Féichiúnaithe – earráid [díolacháin airgid agus chreidmheasa] | (iii) | 2,620 [4] | |
| Díolacháin | (v) | 1,450 [4] | |
| Drochfhiach inghnóthaithe | (vi) | 60 [4] | 4,366 |
| | | | 32,005 |
| **Asbhaint** | | | |
| Aischur díolachán | (iv) | | (65) [4] |
| Iarmhéid Glan de réir an Chuntais Rialúcháin choigeartaithe | | | 31,940 [1] |

**8**

**(c)**

**Na leabhair thúsiontrála**

**(i)** Díolacháin
Aischur Díolachán
Leabhar Cúnta Ginearálta
Leabhar Airgid – Fáltais agus Íocaíochtaí

Gníomhaíonn siad mar sheiceáil ar chruinneas na mórleabhar tríd an iarmhéid sa chuntas rialúcháin a chur i gcomparáid leis an iomlán de réir an sceidil.

Aimsíonn siad earráidí go sciobtha agus cúngaíonn siad cuardaigh i gcomhair earráidí go réimsí teoranta.

Is úsáideach iad nuair a chaithfidh gnólacht teacht ar dhíolacháin chreidmheasa nó ar cheannacháin chreidmheasa ó thaifid neamhiomlána.

Éascaíonn said fáil amach sciobtha na suimeanna atá dlite do chreidiúnaithe agus na suimeanna atá dlite ó fhéichiúnaithe trí na cuntais rialúcháin a chothromú.

**Ceist 3**

**(a)** 34

**Cuntas Brabúis agus Caillteanais Marx cpt don bhliain dar chríoch 31/12/2010**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Láimhdeachas | | 1,880,000 | [2] |
| Costas Díolachán | **W 1** | (1,152,000) | [4] |
| Ollbhrabús | | 728,000 | |
| Costais Dáileacháin | **W 2** | (298,200) | [4] |
| Speansais Riaracháin | **W 3** | (329,800) | [6] |
| | | 100,000 | |
| Ioncam oibriúcháin eile | **W 4** | 80,000 | [3] |
| Brabús Oibriúcháin | | 180,000 | |
| Ioncam Infheistíochta | **W 5** | 6,000 | [2] |
| Brabús ar dhíol talún | | 55,000 | [2] |
| | | 241,000 | |
| Ús iníoctha | | (24,000) | [2] |
| Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin | | 217,000 | |
| Cánachas | | (80,000) | [2] |
| | | 137,000 | |
| Díbhinní íoctha | | (23,000) | [2] |
| | | 114,000 | |
| Brabús tugtha ar aghaidh an 01/01/2010 | | 40,000 | [2] |
| Brabús tugtha ar aghaidh an 31/12/2010 | | 154,000 | [3] |

** Gearrtar pinós mura bhfuil na hiontrálacha in ord ceart*

**Oibriúcháin**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. Costas Díolachán 72,000 + 1,150,000 – 80,000 +10,000 | | = | 1,152,000 |
| 2. Costais dáileacháin 250,000 + 4,200 + 44,000 | | = | 298,200 |
| 3. Speansais Riaracháin 240,000 + 60,000 +10,000 + 10,000 + 9,800 | | = | 329,800 |
| 4. Ioncam Oibriúcháin Eile 60,000 + 10,000 + 10,000 | | = | 80,000 |
| 5. Ioncam Infheistíochta 5,000 + 1,000 | | = | 6,000 |
| Nóta Dímheas – Foirgnimh 2% x 700,000 = 14,000 | 30% (14,000) | = | 4,200 |
| | 70% (14,000) | = | 9,800 |

## Nótaí leis na Cuntais 14

1. **Nótaí polasaí cuntasaíochta**. [4]
Sócmhainní Seasta Inláimhsithe
Athluacháladh na foirgnimh ag deireadh 2010 agus cuireadh san áireamh iad sna cuntais de réir a suime athluacháilte. Léirítear na feithiclí ar a gcostas.
Ríomhtar an dímheas d'fhonn luach nó costas na sócmhainní seasta inláimhsithe a dhíscríobh thar a saolré eacnamaíoch fhónta a mheastar mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Foirgnimh | 2% méid cothrom sa bhliain |
| Feithiclí | 20% den chostas |

Stoic – Déantar stoic a luacháil ar bhonn is túisce isteach is túisce amach de réir a gcostais nó a nglanluacha inréadaithe, cibé acu is lú.

2 **Brabús oibriúcháin** [2]

Socraítear an brabús oibriúcháin tar éis an mhéid seo a leanas a ghearradh:

| | |
|---|---|
| Dímheas ar shócmhainní seasta inláimhsithe | 58,000 |
| Paitinn a amúchadh | 10,000 |
| Luach saothair na Stiúrthóirí | 60,000 |
| Táillí na n-iniúchóirí | 10,000 |

3 **Sócmhainní Seasta Airgeadais** [2]

| | 01/01/2010 | 31/12/2010 |
|---|---|---|
| Infheistíochtaí luaite | 300,000 | 300,000 |
| Infheistíochtaí neamhluaite | 80,000 | 80,000 |
| | 380,000 | 380,000 |

Ba é an luach ar an margadh maidir leis na hinfheistíochtaí luaite an 31/12/2010 €160,000.
Ba í luacháil an stiúrthóra ar na hinfheistíochtaí neamhluaite an 31/12/2010 €50,000.

4 **Díbhinní** [2]

| | |
|---|---|
| Gnáthdhíbhinní | |
| Íocadh 2.89c an scair | 13,000 |
| Díbhinní tosaíochta | |
| Íocadh 5.0c an scair | 10,000 |

5 **Sócmhainní Seasta Inláimhsithe** [4]

| | **Talamh agus Foirgnimh** | **Costas feithiclí** | |
|---|---|---|---|
| | **€** | **€** | |
| 01/01/2010 | 820,000 | 220,000 | 1,040,000 |
| Diúscairt | (120,000) | | (120,000) |
| Barrachas athluachála | 150,000 | | 150,000 |
| Luach ag 31/12/2010 | 850,000 | 220,000 | 1,070,000 |
| Dímheas 01/01/2010 | 91,000 | 8,000 | 99,000 |
| Muirear dímheasa don bhliain | 14,000 | 44,000 | 58,000 |
| | 105,000 | 52,000 | 157,000 |
| Aistriú ar athluacháil | (105,000) | | (105,000) |
| Dímheas | Nialas | 52,000 | 52,000 |
| Glanluach de réir na leabhar 01/01/2010 | 729,000 | 212,000 | 941,000 |
| Glanluach de réir na leabhar 31/12/2010 | 850,000 | 168,000 | 1,018,000 |

**(b)** **12**

**(i)** Nuair is dócha go dtarlóidh Dliteanas Teagmhasach, ba cheart soláthar a dhéanamh in aghaidh na suime measta sna cuntais agus ba cheart go léireodh nóta nádúr an chaillteanais. [4]

**(ii)** **Tuarascáil Neamhchoinníollach agus Tuarascáil Choinníollach ag Iniúchóir** [8]

Is minic a dhéantar tagairt do thuarascáil neamhchoinníollach ag iniúchóir mar thuarascáil ghlan. Is éard atá i gceist leis seo go luaitear i dtuarascáil an iniúchóra **go bhfuil sé/sí sásta** ina t(h)uairim féin go bhfuil feidhm leis an méid seo a leanas:

- go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar staid chúrsaí na cuideachta ag deireadh na bliana agus ar a gcuntas brabúis agus caillteanais don bhliain.
- go n-ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir Achtanna na gCuideachtaí.
- go raibh an fhaisnéis uile ar fáil a bhí de dhíth le haghaidh an iniúchta.
- go bhfuil an fhaisnéis a thugann na stiúrthóirí i gcomhréir leis na ráitis airgeadais.
- go bhfuil na glan-sócmhainní níos mó ná 50% den chaipiteal glaoite.

Is éard atá i gceist le tuarascáil choinníollach ag iniúchóir **nach bhfuil** an t-iniúchóir **sásta** ina t(h)uairim féin nó nach féidir leis/léi a rá ag an deireadh go bhfuil feidhm ag an méid seo thuas, nó cuid de:
Sonrófar sa tuarascáil na gnéithe de na cuntais nó de thuarascáil an stiúrthóra nach bhfuil sásúil.

**Ceist 4**

**(a)** **52**

**Clár Comhardaithe mar a bhí ag 31 Nollaig 2010**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Doláimhsithe** | | | **€** | **€** |
| Cáilmheas | | | | 31,500 [3] |
| **Sócmhainní Seasta** | | | | |
| Foirgnimh | (400,000 + 280,000) | | 680,000 [4] | |
| Trealamh | | | 8,800 [3] | 688,800 |
| **Sócmhainní Airgeadais** | | | | |
| Infheistíochtaí | | | | 14,436 [5] |
| | | | | 734,736 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | |
| Stoc ar 31 Nollaig 2010 | | 16,700 [2] | | |
| Féichiúnaithe Trádála | | 31,200 [2] | | |
| Banc | | 125,260 [5] | | |
| Rátaí réamhíoctha | | 2,100 [3] | 175,260 | |
| **Lúide Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain** | | | | |
| Creidiúnaithe | | 27,300 [2] | | |
| Ús dlite | | 1,200 [3] | | |
| Leictreachas dlite | | 620 [2] | (29,120) | |
| Caipiteal Oibre | | | | (146,140) |
| | | | | 880,876 |
| **Maoinithe ag** | | | | |
| **Creidiúnaithe: suimeanna dlite tar éis níos mó ná 1 bhliain** | | | | |
| Iasacht | | | | 360,000 [2] |
| **Caipiteal –** Iarmhéid ar 01/01/2010 | | | 480,000 [2] | |
| Móide Caipiteal a tugadh isteach | | | 3,800 [3] | |
| Lúide Tarraingtí | | | (21,224) [7] | 462,576 |
| | | | | 822,576 |
| Móide Glanbhrabús | | | | 58,300 [4] |
| Caipiteal in Úsáid | | | | 880,876 |

**(b)** **8**

Ba cheart do Ó hÁgáin leabhar mionsonraithe airgid agus mórleabhar ginearálta a choinneáil, chomh maith le fo-leabhair chuí lae. Ligfeadh sé seo do Ó hÁgáin cuntas cruinn trádála agus brabúis agus caillteanais a ullmhú, agus iontaofacht ar mheastacháin a sheachaint dá bharr.

**Oibriúcháin**

| | |
|---|---|
| **Solas agus teas** – méid íoctha | 8,100 |
| Móide leictreachas dlite 31/12/2010 | 620 |
| Lúide tarraingtí | **(1,744)** |
| **Rátaí –** méid íoctha | 8,400 |
| Móide rátaí réamhíoctha 01/01/2010 | 1,800 |
| Lúide rátaí réamhíoctha 31/12/2010 | **(2,100)** |
| **Ús –** méid íoctha | 2,400 |
| Móide ús dlite | 1,200 |
| Lúide tarraingtí | **(720)** |

**Tarraingtí**

| | |
|---|---:|
| Tarraingtí stoic | 8,320 |
| Airgead/banc | **6,240** |
| Táillí ollscoile – ball teaghlaigh | 2,000 |
| Trealamh | **2,200** |
| Solas agus teas | 1,744 |
| Ús | 720 |
| | 21,224 |

**Cuntas Bainc**

| | | | |
|---|---:|---|---:|
| Iarmhéid/Lóisteáil | 480,000 | Gnó | 420,000 |
| Iasacht | 360,000 | Tarraingtí | 6,240 |
| Caipiteal a tugadh isteach | 3,800 | Pánna | 86,000 |
| Lóisteálacha airgid | 120,000 | Trealamh | 11,000 |
| | | Ceannacháin | 280,000 |
| | | Infheistíochtaí | 14,400 |
| | | Solas agus teas | 8,100 |
| | | Ús | 2,400 |
| | | Rátaí | 8,400 |
| | | Táillí Ollscoile | 2,000 |
| | | Iarmhéid | 125,260 |
| | 963,800 | | 963,800 |

**Ceist 5**

**(a)**

**50**

**(i) Stoc Tosaigh**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Costas Díolachán / Meánstoc | = 10 | 875,000 / 10 x Meánstoc | |
| Meánstoc = | | 87,500 | |
| Stoc Tosaigh = | (87,500 x 2) lúide 80,400 | | **€94,600** [10] |

**(ii) Giaráil**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Caipiteal Fiachais x 100 / Caipiteal in úsáid | = | 240,000 + 100,000 x 100 / 932,800 | = | **36.45%** [9]<br>**0.364 le 1**<br>**0.574 le 1** |

**(iii) Tuillimh an scair**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Glanbhrabús tar éis díbhinn tosaíochta / Líon na ngnáthscaireanna | = | 40,800 / 550,000 | = | **7.42c** [10] |

**(iv) Toradh Díbhinne**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Díbhinn an scair x 100 / Luach Margaidh | = | 4.55 x 100 / 90 | = | **5.05%** [12] |

**(v) An tréimhse chun scairphraghais a bhaint amach arís**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Luach margaidh / Díbhinn an Scair | = | 90 / 4.55c | = | **19.78 bliain** [9] |

**(b)**

**Iarratas ar Iasacht Bhainc**

**40**

**Toradh ar Chaipiteal in Úsáid** [7]
Tá an chuideachta brabúsach ach níl siad chomh brabúsach in 2010 agus a bhí siad in 2009.
Tá an Toradh ar Chaipiteal in Úsáid (ROCE) imithe i léig ó 8.1% anuas go 7.0%.
Tá sé seo níos lú ná an t-ús 8% atá le muirearú ar an iasacht. Bhfuil se ceart iasacht a thabhairt ag ráta 8% nuair nach hionann an toradh ach 7%?

**Leachtacht** [7]
Tá an cóimheas fíorthástála 0.43 le 1 an-lag. Tá sé imithe i léig ó 0.7 le 1 ón mbliain 2009.
Tá deacracht mhór leachtachta ag Sully cpt. Níl ach 43c de shócmhainní leachtacha ar fáil maidir le gach €1 atá dlite. Éireoidh an deacracht leachtachta má thugtar an iasacht.
Ní bheidh/b'fhéidir nach mbeidh an chuideachta in ann an t-ús breise a íoc.

**Giaráil** [6]
Is cuideachta ghiarála íseal í seo tar éis éirí ó 32% aníos go 36.45%.
Éireoidh an ghiaráil níos measa mar gheall ar iasacht eile €400,000.
56% a bheidh an ghiaráil leis an iasacht.
Tá laghdú tagtha ar an gCumhdach Úis ó 5 huaire in 2009 anuas go 3.3 uair in 2010. Éireoidh an cumhdach seo i bhfad níos measa má thugtar iasacht €400,000.

**Urrús** [6]
Déantar na Sócmhainní Seasta a luacháil ar a gcostas ag €942,800, ach ba cheart an beartas dímheasa a cheistiú le fíorluach na sócmhainní inláimhsithe a fháil amach. Ba cheart luach na sócmhainní doláimhsithe a cheistiú freisin.
Tá luach margaidh €90,000 ar na hInfheistíochtaí ach cosnaíonn siad €150,800.
Tá €240,000 tugtha d'urrú bintiúir cheana féin. Is é €642,000 luach na sócmhainní seasta inláimhsithe de réir an chláir chomhardaithe; tá €402,000 fágtha tar éis bintiúr.
Níl an t-urrús sách dóthanach.

**Polasaí/Cumhdach Díbhinne** [5]
Is é an Cumhdach Díbhinne 1.6 uair. Tá sé seo imithe i léig ó 1.9 uair in 2009.
Tá an Cumhdach Díbhinne íseal.
Ní choinnítear a dhóthain tuilleamh. Chuirfeadh sé seo aisíocaíocht na hiasachta i gcontúirt.

**Earnáil** [5]
Tá baint ag Sully cpt leis an tionscal tógála. Táthar buartha faoin tionscal toisc staid an gheilleagair i láthair na huaire agus níltear dóchasach faoi sa mheántéarma. Tuilleadh ceisteanna faoi luach reatha na sócmhainní seasta agus ceist thromchúiseach faoi chumas Sully cpt go leor brabús/brabúis ar bith a ghiniúint leis an iasacht a aisíoc/le fónamh a dhéanamh ar an iasacht de bharr go bhfuil laghdú mór tagtha ar an tionscal tógála le bliain anuas mar gheall ar an meathlú ar an bhfás geilleagrach.

Maidir le forbróirí réadmhaoine, tá deacrachtaí acu réadmhaoine a dhíol agus tá toradh iarmhartach aige seo ar chuideachtaí sa tionscal tógála de bharr gur beag tógáil atá ar bun faoi láthair. Tá tionchar thar a bheith diúltach ag staid fhoriomlán an gheilleagair atá ag éirí níos measa ar an tionscal tógála.

**<u>NÓ</u>**

**An gá atá leis an iasacht**
Tá an iasacht ag teastáil le haghaidh fairsingiú sa todhchaí. Ba cheart go mbeadh fairsingiú sa todhchaí ní ba shonraí. Tá sé amhrasach cibé acu an mbeadh Sully cpt in ann ioncam breise a ghiniúint le fónamh a dhéanamh ar an iasacht nó nach mbeadh.

## Conclúid [4]

**10**

**(c)**

**Teorainneacha a bhaineann le hanailís chóimheasa**

- Déanann sí anailís ar fhigiúirí don am atá thart amháin agus is sciobtha a bhíonn na figiúirí seo as dáta (stairiúil). Ní thugann sí ach leideanna i dtaobh an ama atá le teacht.
- Ní thaispeánann cóimheasa luaineachtaí séasúracha.
- Baineann gnólachtaí úsáid as boinn éagsúla chuntasaíochta agus, dá bhrí sin, ní bhíonn comparáidí cuideachta cruinn.
- Ní thugann Ráitis Airgeadais ach léargas teoranta ar ghnólacht. Ní nochtar gnéithe eile tábhachtacha de chuideachta sna Ráitis Airgeadais.Ní féidir le cuntais amháin gnéithe a d'fhéadfadh a bheith an-tábhachtach a thomhas ar nós staid mhonaplachta, timpeallacht gheilleagrach, meanma na foirne agus an caidreamh idir an lucht bainistíochta agus an fhoireann.

**Ceist 6**

**30**

**(a)**

**Ciste Carntha ar 01/01/2010**

| | | |
|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | |
| Clubtheach agus Tailte | 250,000 [1] | |
| Trealamh | 75,000 [1] | |
| Stoc Beáir | 15,000 [2] | |
| Féichiúnaithe beáir | 1,280 [2] | |
| Pá réamhíoctha | 400 [2] | |
| Síntiúis dlite | 500 [2] | |
| Banc | 1,140 [2] | |
| Infheistíochtaí rialtais 4% | 50,000 [3] | |
| Tobhaigh dlite | 800 [2] | 394,120 |
| | | |
| **Lúide Dliteanais** | | |
| Creidiúnaithe beáir | 8,400 [2] | |
| Ballraíocht saoil | 24,000 [2] | |
| Cúlchiste Tobhaigh | 20,000 [2] | |
| Iasacht | 30,000 [2] | |
| Ús Iasachta dlite | 1,584 [3] | 83,984 |
| Ciste Carntha/Caipiteal ar 01/01/2010 | | 310,136 [2] |

**35**

**(b)**

**Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar chríoch 31/12/2010**

| | | € | € |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Brabús beáir | **W 1** | 32,620 [6] | |
| Ús ó infheistíochtaí | | 2,000 [3] | |
| Síntiúis | **W 2** | 56,400 [6] | |
| Urraíocht bhliantúil | | 7,500 [1] | |
| Ballraíocht saoil díscríofa | **W 3** | 6,000 [2] | 104,520 |
| | | | |
| **Caiteachas** | | | |
| Caillteanas Lónadóireachta | **W 4** | 3,100 [2] | |
| Caillteanas ar dhíol trealaimh | | 1,500 [2] | |
| Speansais ilghnéitheacha | **W 5** | 24,400 [2] | |
| Ceachtanna oiliúna | | 3,500 [1] | |
| Speansais taistil | | 10,000 [1] | |
| Ús Iasachta | | 2,376 [2] | |
| Dímheas – Trealamh | | 19,750 [2] | |
| Dímheas – Clubtheach agus tailte | | 5,000 [2] | 69,626 |
| Barrachas ioncaim | | | 34,894 [3] |

**(c)** **20**

**Clár Comhardaithe mar a bhí ag 31/12/2010**

| | € | € | € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Clubtheach agus Cúirteanna | 250,000 [1] | 5,000 [1] | 245,000 |
| Trealamh | 79,000 [2] | 19,750 [1] | 59,250 |
| | 329,000 | 24,750 | 304,250 |
| **Infheistíochtaí** | | | |
| Infheistíochtaí rialtais 4% | | | 50,000 [1] |
| | | | 354,250 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Stoc Deiridh | 13,300 [1] | | |
| Féichiúnaithe | 300 [1] | | |
| Banc | 45,180 [2] | | |
| Ús Infheistíochta dlite | 500 [2] | | |
| Duaisbhannaí | 4,400 [1] | 63,680 | |
| **Lúide Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain** | | | |
| Creidiúnaithe | 8,600 [1] | | |
| Síntiúis réamhíoctha | 300 [1] | (8,900) | 54,780 |
| Glansócmhainní Iomlána | | | 409,030 |
| | | | |
| **Maoinithe ag** | | | |
| **Creidiúnaithe: suimeanna dlite tar éis níos mó ná 1 bhliain** | | | |
| Ballraíocht saoil | | | 24,000 [1] |
| | | | |
| **Ciste Carntha** | | | |
| Iarmhéid ar 1 Eanáir 2010 | | 310,136 [1] | |
| Móide barrachas ioncaim | | 34,894 [1] | 345,030 |
| Cúlchiste Tobhaigh | | | 40,000 [2] |
| Caipiteal in Úsáid | | | 409,030 |

**(d)** **15**

**(i)**

**Teorainneacha a bhaineann le Cuntas Fáltais agus Íocaíochtaí.** [6]

- ní léiríonn sé cibé acu an bhfuil an club ag cruinniú go leor cistí chun a gcuid costais reatha a chlúdach nó nach bhfuil.
- ní chuirtear san áireamh ann suimeanna atá dlite ach nach bhfuil íoctha ag deireadh na tréimhse cuntasaíochta.
- ní léiríonn sé ach méadú nó laghdú ar airgead, cé go bhféadfadh billí gan íoc a bheith ann.
- ní chuirtear caillteanais ar nós dímheasa san áireamh ann.
- ní léiríonn sé cibé acu an bhfuil beár nó bialann an chlub brabúsach.
- ní dhéantar idirdhealú ann idir fáltais na bliana reatha agus fáltais na blianta roimhe sin.

**(d) (ii)** [9]

**Chuirfinn** comhairle ar an gcisteoir leanúint ar aghaidh agus na tuilsoilse a chur isteach. Bheifí in ann cúirteanna an chlub a úsáid ar feadh tréimhsí ní b'fhaide de bharr na n-áiseanna feabhsaithe agus gheofaí níos mó ioncaim ón úsáid seo dá bharr. D'fhéadfadh an club a mballraíocht a mhéadú agus a mbarrachas bliantúil ioncaim a mhéadú freisin dá bharr. Bhainfí níos mó úsáide as an mbeár agus as an mbialann freisin.

Tá dea-staid airgeadais ar an gclub. Tá barrachas ioncaim thar chaiteachas acu dar fiú €34,894 sa bhliain reatha. Ghinfí go leor cistí tar éis dhá bhliain nó beagnach thairis sin ag an ráta barrachais seo.
Mhéadaigh an club a n-iarmhéid bainc go €45,180 tar éis iasacht €30,000 a aisíoc. [tobhach €20,000 san áireamh]
Chun caiteachas €70,000 a mhaoiniú, d'fhéadfadh an club leas a bhaint as an iarmhéid airgid (€45,180), na duaisbhannaí (€4,400) agus €20,420 a aistarraingt ón gciste infheistíochta.

Ba cheart don chlub úsáid aon cheann de na cistí a cruinníodh tríd an tobhach a sheachaint siocair gur dócha go bhfuil sé seo beartaithe i gcomhair cuspóirí eile agus d'fhéadfadh na cistí seo a bheith ag teastáil le haghaidh caiteachas caipitil amach anseo.

**<u>Cistí atá ar fáil gan an Cúlchiste</u>**

| | | |
|---|---|---|
| Infheistíochtaí | 50,000 | |
| Duaisbhannaí | 4,400 | |
| Iarmhéid bainc | <u>45,180</u> | 99,580 |
| Lúide Tobhach | | <u>40,000</u> |
| Glanmhéid ar fáil | | <u>59,580</u> |

Faigh an fuílleach ar iasacht sa ghearrthéarma cionn is go bhfuil sé de chumas ag an gclub an t-airgead a aisíoc go sciobtha trína gcuid foinsí rialta ioncaim.

**Ceist 6 – Oibriúcháin**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | **Cuntas Trádála Beáir don bhliain dar chríoch 31/12/2010** | | |
| | Díolacháin (74,000 + 300 – 1,280) | | 73,020 |
| | Lúide Costas Díolachán | | |
| | Stoc tosaigh | 15,000 | |
| | Ceannacháin (38,500 + 8,600 – 8,400) | <u>38,700</u> | |
| | | 53,700 | |
| | Stoc deiridh | <u>(13,300)</u> | <u>(40,400)</u> |
| | Brabús beáir | | 32,620 |
| 2. | **Síntiúis** | | |
| | Faighte | 84,000 | |
| | <u>Lúide</u> síntiúis dlite 01/01/2010 | (500) | |
| | Ballraíocht saoil | (6,000) | |
| | Tobhach 2010 | 20,000 | |
| | Tobhach 2009 | (800) | |
| | Síntiúis réamhíoctha 31/12/2010 | <u>(300)</u> | 56,400 |
| 3. | **Ballraíocht Saoil** | | |
| | 01/01/2010 | 24,000 | |
| | An méid a fuarthas | 6,000 | |
| | <u>Lúide</u> ar aistríodh chuig an gCuntas Brabúis agus Caillteanais | <u>(6,000)</u> | 24,000 |
| 4. | **Caillteanas Lónadóireachta** | | |
| | Fáltais | 12,700 | |
| | Costais | <u>(15,800)</u> | 3,100 |
| 5. | **Speansais ilghnéitheacha** | | |
| | Íocaíochtaí | 24,000 | |
| | Móide pá réamhíoctha | <u>400</u> | 24,400 |

## Ceist 7

**100**

| | 01/01/2010 | Eanáir | Feabhra | Aibreán | Bealtaine | Meitheamh | Iúil | Lúnasa | Meán Fómhair | Deireadh Fómhair | Samhain | Nollaig | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Talamh agus Foirgnimh | 550,000 | 150,000 [2] | 200,000 [2] | | | | | | | | | | 900,000 [1] |
| Dímheas – Talamh agus foirgnimh | (11,000) | 11,000 [2] | | | | | | | | | | (23,800) [2] | (23,800) |
| Feithiclí | 38,000 | | | | 10,000 [2] | | | | | | | | 48,000 |
| Dímheas – Feithiclí | (20,000) | | | | 5,500 [2] | | | | | | | (25,000) [2] | (39,500) |
| Trealamh | 10,000 | | 30,000 [2] | | | | | | (1,200) [2] | | | | 38,800 |
| Dímheas – Trealamh | (1,000) | | | | | | | | 500 [2] | | | | (500) |
| Cáilmheas | | | 18,000 [2] | | | | | | | | | | 18,000 |
| Stoc | 80,000 | | | | | | (440) [2] | 500 [2] | | | | | 80,060 |
| Féichiúnaithe | 80,000 | | 8,000 [2] | | | | 180 [2]<br>440 [2] | (570) [3] | | | | | 88,050 |
| Soláthar in aghaidh drochfhiach | (4,000) | | | (2,160) [3] | | | | | | | | | (6,160) [1] |
| | | | | | | | | | | | | | |
| **Sócmhainní Iomlána** | **722,000** | **161,000** | **256,000** | **(2,160)** | **15,500** | **_** | **180** | **(70)** | **(700)** | **_** | **_** | **(48,800)** | **1,102,950** |
| | | | | | | | | | | | | | |
| Scairchaipiteal | 440,000 | | 180,000 [2] | | | | | | | | 80,000 [2] | | 700,000 |
| Scairphréimh | 20,000 | | 36,000 [2] | | | | | | | | 20,000 [2] | | 76,000 [1] |
| Brabús agus Caillteanas | 170,500 | | | (2,160) [2] | 500 [2] | | 900 [2] | (70) [2] | 100 [2] | (31,000) [2] | | 3,500 [2] | |
| | | | | | | | | | | | | (375) [2] | |
| | | | | | | | | | | | | (25,000) [2] | |
| | | | | | | | | | | | | (23,800) [2] | 93,095 [2] |
| Creidiúnaithe | 65,000 | | 40,000 [2] | | | | | | (800) [2] | | | | 104,200 |
| Banc | 24,000 | | | | 15,000 [2] | (4,500) [2]<br>1,500 [2] | (720) [2] | | | 31,000 [2] | (100,000) [2] | | (33,720) [2] |
| Speansais (dlite) | 2,500 | | | | | (1,500) [2] | | | | | | 375 [2] | 1,375 |
| Cíos infhála | | | | | | 4,500 [2] | | | | | | (3,500) [2] | 1,000 [1] |
| Cúlchiste Athluachála | | 161,000 [2] | | | | | | | | | | | 161,000 |
| **Dliteanais Iomlána** | **722,000** | **161,000** | **256,000** | **(2,160)** | **15,500** | **_** | **180** | **(70)** | **(700)** | **_** | **_** | **(48,800)** | **1,102,950** |

**68**

**Ceist 8**

| | € | € | € |
|---|---|---|---|
| | | | **in aghaidh an aonaid** |
| Díolacháin (90,000 aonad) | | 1,170,000 | 13.00 |
| Lúide Costais Athraitheacha | | | |
| Ábhair dhíreacha | 390,000 | | |
| Pá díreach | 236,000 | | |
| Forchostas monarchan (40%) | [1] 32,800 | | |
| Coimisiún díolacháin (5% de na díolacháin) | [1] 58,500 | 717,300 | 7.97 |
| **Ranníocaíocht** | | 452,700 | 5.03 |
| Lúide Costais Sheasta | | | |
| Forchostas monarchan (60%) | 49,200 | | |
| Speansais díola **(gan Coimisiún a áireamh)** | [1] 46,500 | | |
| Speansais riaracháin | 130,000 | (225,700) | |
| Glanbhrabús | | 227,000 | |

**(a) Pointe meá ar mheá**

$$\frac{\text{Costais Sheasta}}{\text{CPU}} = \frac{225{,}700\ [1]}{5.03\ [1]} = [4]\ \textbf{44,871 aonad}$$

**An lamháil sábháilteachta** Díolacháin Bhuiséadaithe – Pointe meá ar mheá

90,000 [2] – 44,871 [1] = [2] **45,129 aonad**

**(b) An líon Aonad chun brabúis a mhéadú faoi 20%**

| | |
|---|---|
| Glanbhrabús 2010 | 227,000 |
| Méadú ar an nglanbhrabús 20% | 45,400 |
| Glanbhrabús don bhliain 2011 | 272,400 |

$$\frac{\text{Costais Sheasta + Spriocbhrabús}}{\text{CPU}} = [2]\ \frac{225{,}700 + 272{,}400\ [3]}{5.03\ [5]} = [2]\ \textbf{99,026 aonad}$$

**(c) An brabús dá ndéanfaí an praghas díolacháin a ísliú go dtí €11 in 2011**

| | | |
|---|---|---|
| Díolacháin (110,000 x €11) | 1,210,000 [4] | |
| Lúide costais athraitheacha (110,000 x €7.87) | 865,700 [4] | |
| Ranníocaíocht Iomlán (110,000 x €3.13) | 344,300 | |
| Lúide Costais Sheasta | 240,700 [4] | |
| **Brabús** | **103,600** | [2] **€103,600** |

**(d) An praghas díolacháin is gá a ghearradh**

Bíodh S mar an praghas díolacháin

| **Díolacháin** | **–** | **Costais athraitheacha** | **=** | **Costais Sheasta** | **+** | **Brabús** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 90,000S [1] | – | 90,000[7.32 + 0.05**S**] [5] | = | [3] 252,784 | + | 227,000 [3] | |
| 90,000S | – | [658,800 + 4,500S] | = | 479,784 | | | |
| 90,000S | – | 4,500S | = | 479,784 | + | 658,800 | |
| 85,500S | | | = | 1,138,584 | | | |
| **S** | | | = | €13.3167 | | | [2] **€13.32** |

**(e)** Bíodh an líon aonad = N
Ioncam ó Dhíolacháin = 16N
Brabús = 1.6N

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Díolacháin | = | Costais Athraitheacha | + | Costais Sheasta | + | Brabús |
| 16N [2] | = | 8.12N [4] | + | 225,700 [2] | | +1.6N [4] |
| 6.28N | = | 225,700 | | | | |
| N | = | 35,939.49 | | | | [2] **35,940 aonad** |

**12**

**(f)**

**Teorainneacha/boinn tuisceana:** [7]
Maidir le costais athraitheacha, glactar leis go bhfuil siad athraitheach ina n-iomláine ag an uile leibhéal aschuir. D'fhéadfadh costais athraitheacha laghdú, áfach, mar gheall ar bharainneacht scála **nó** d'fhéadfaidís mhéadú de thairbhe costais mhéadaithe

Glactar leis, i dtaca le costáil imeallach, go bhfanann costais sheasta mar an gcéanna cé gur costais chéimsheasta iad móramh na gcostas seasta agus go mbíonn siad seasta laistigh de raon ábhartha amháin.


Glactar leis go roinntear na costais mheasctha uile go héasca i gcostais sheasta nó i gcostais athraitheacha. D'fhéadfaí an modh Ard-Íseal a úsáid ar mhaithe leis seo, ach ní féidir é seo a dhéanamh i gcónaí.

Glactar leis go bhfuil an praghas díolacháin in aghaidh an aonaid tairiseach agus nach n-éascaíonn sé lascainí.

Is gnách go mbíonn táirgeadh i dtréimhse cosúil leis na díolacháin. Gearrtar costais sheasta ina n-iomláine ar thréimhse agus ní thugtar ar aghaidh iad go dtí an chéad tréimhse eile.

**Costas Céimsheasta**
Is ionann costais chéimsheasta agus costais atá seasta i raon áirithe gníomhaíochta, ach d'fhéadfaí athruithe lasmuigh den raon sin, e.g. cíos, a shocrú aníos go leibhéal áirithe táirgthe. Má thagann méadú ar an táirgeadh, áfach, agus más gá tuilleadh spás monarchan a fháil ar cíos dá thairbhe, thiocfadh méadú ar an gcíos go leibhéal nua. Dá bhrí sin, thiocfadh méadú ar na costais sheasta i gcéimeanna.

**Graf** [5]



**Ceist 9**

**80**

**(a)**

**Buiséad Táirgeachta**

| | **Éadrom** | **Fíor-éadrom** |
|---|---|---|
| Díolacháin Bhuiséadaithe in aonaid | 12,000 [3] | 3,500 [3] |
| + Stoc Deiridh | 585 [3] | 450 [3] |
| | 12,585 | 3,950 |
| - Stoc Tosaigh | 650 [2] | 500 [2] |
| Táirgeadh buiséadaithe (aonaid) | 11,935 | 3,450 |

**(b)** **Buiséad Ceannachán Amhábhar**

| | | **Ábhar A (Kg)** | **Ábhar B (Kg)** | |
|---|---|---|---|---|
| **Éilithe ag Táirgeadh** | | | | |
| Éadrom | (11,935 x 8 kg) | 95,480 [2] | 107,415 [2] | (11,935 x 9 kg) |
| Fíor-éadrom | (3,450 x 6 kg) | 20,700 [2] | 24,150 [2] | (3,450 x 7 kg) |
| | | 116,180 | 131,565 | |
| Stoc deiridh (90% den stoc tosaigh) | | 5,400 [2] | 3,600 [2] | |
| | | 121,580 | 135,165 | |
| Lúide stoc tosaigh | | (6,000) [2] | (4,000) [2] | |
| Ceannacháin bhuiséadaithe amhábhar in kg | | 115,580 | 131,165 | |
| Praghas ceannacháin | | €4 [2] | €5.50 [2] | |
| Ceannacháin in € | | €462,320.00 | €721,407.50 | **€1,183,727.50 Iomlán** |

**(c)** **Buiséad Costas Táirgeachta/Déantúsaíochta**

| | | | **€** | **€** |
|---|---|---|---|---|
| Stoc tosaigh amhábhair | Éadrom | (6,000 x 3.5) | 21,000 | |
| | Fíor-éadrom | (4,000 x 5.0) | 20,000 | 41,000.00 [4] |
| Ceannacháin | Ábhar A | | 462,320.00 | |
| | Ábhar B | | 721,407.50 | 1,183,727.50 [2] |
| | | | | 1,224,727.50 |
| **Lúide** stoc deiridh amhábhair | Éadrom | (5,400 x 4) | 21,600 | |
| | Fíor-éadrom | (3,600 x 5.5) | 19,800 | (41,400.00) [4] |
| | | | | 1,183,327.50 |
| Costas an tSaothair | Éadrom | (11,935 x 8 x 12) | 1,145,760 | |
| | Fíor-éadrom | (3,450 x 9 x 12) | 372,600 | 1,518,360.00 [4] |
| Forchostas Athraitheach | Éadrom | (11,935 x 8 x 4.5) | 429,660 | |
| | Fíor-éadrom | (3,450 x 9 x 4.5) | 139,725 | 569,385.00 [4] |
| Forchostas seasta | | | | 210,500.00 [2] |
| **Costas na Déantúsaíochta** | | | | **3,481,572.50** [3] |

**(d)**

**Costas aonaid an stoic dheiridh mar a buiséadadh**

| | | | **Éadrom** | | **Fíor-éadrom** |
|---|---|---|---|---|---|
| Ábhar A | (8 kg x €4) | | 32.00 [1] | (6 kg x €4) | 24.00 [1] |
| Ábhar B | (9 kg x €5.50) | | 49.50 [1] | (7 kg x €5.50) | 38.50 [1] |
| Saothar Díreach | (8 n-uaire x €12) | | 96.00 [1] | (9 n-uaire x €12) | 108.00 [1] |
| Forchostais athraitheacha | (8 n-uaire x €4.50) | | 36.00 [1] | (9 n-uaire x €4.50) | 40.50 [1] |
| Forchostais sheasta | (8 n-uaire x €1.66) | **W 1** | 13.28 [1] | (9 n-uaire x €1.66) | 14.94 [1] |
| Costas in aghaidh an aonaid | | | 226.78 [1] | | 225.94 [1] |

**W 1 Forchostais sheasta in aghaidh na huaire saothair dhírigh**

$$\frac{210{,}500}{(11{,}935 \text{ x } 8 \text{ n-uaire}) + (3{,}450 \text{ x } 9 \text{ n-uaire})}$$

$$\frac{210{,}500}{126{,}530} = \textbf{€1.66} \text{ [2]}$$

**(e)** [7]

Achoimre é Máistirbhuiséad ar na buiséid eile uile agus soláthraíonn sé forbhreathnú ar na hoibríochtaí don tréimhse a bheartaítear.

Seo a leanas na comhpháirteanna den Mháistirbhuiséad a bhíonn ag gnólacht déantúsaíochta:

- Cuntas Buiséadaithe Déantúsaíochta
- Cuntas Buiséadaithe Trádála agus Cuntas Buiséadaithe Brabúis agus Caillteanais
- Clár Buiséadaithe Comhardaithe